


AG AN mBUS



Pictiúr: Radharc:

(a) Páid, Bríd agus Nóirín istigh i siopa búistéara, beart feola ag Páid (b) Bríd agus Nóirín ina seasamh ag stad an bhus; Páid ag dul i dtreo an tsiopa milseán, an bus ag teacht (c) na páistí agus iad istigh sa bhus, beart ar an mbóthar; Mamaí, Ciorcal cainte.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Bhí na leanaí i siopa an bhúistéara. Cheannaigh siad feoil. Chuaigh siad go dtí stad an bhus. Rith Páid isteach i siopa milseán. Ghlaigh a dheirfiúr air.

Agallamh

BRÍD: Tar ar ais, a Pháid. Sílim go bhfuil an bus ag teacht.

Cuntas Reatha

Tháinig an bus. Stop sé. Isteach leo go léir. D'fhéach Nóirín amach.

Agallamh

NÓIRÍN: Féach, a Pháid! D'fhág tú beart ag stad an bhus.

PÁID: Caithfidh mé dul ar ais nó beidh fearg ar Mhamaí.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Cá raibh na leanaí?

Cheannaigh siad rud éigin?

Agus ansin, céard a rinne siad?

Céard a rinne Páid?

Agus céard a rinne Bríd?

Tusa Bríd anois, glaoigh ar Pháid.

Cén fáth?

Tháinig rud éigin?

Céard a rinne sé ansin?

Agus céard faoi na leanaí?

Céard a rinne Nóirín?

Tusa, a "Nóirín", feiceann tú rud éigin?

Inis do Pháid céard a rinne sé.

Bhuel, a "Pháid", caithfidh tú rud éigin a dhéanamh?

Cén fáth?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. *Chuaigh siad go dtí stad an bhus.*
(*anois, gach lá, amárach; ní, an?: inné*).
2. *Sílím go bhfuil an bus ag teacht.*
(*mo dheartháir, an múinteoir, m'aintín, m'uncoil, an bhean rialta, an bhanaltra*).
3. *Caithfidh mé dul ar ais.*
(*abhaile, ar Aifreann, ar scoil, ar cuairt, go dtí an siopa*).
4. *Beidh fearg ar Mhamaí.*
(*cúpla lá ó shin, anois; an? ní: inné; an?: anois*; ní, an?: amárach*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. *Aithris ar an mbunchomhrá.*
2. *Chuaigh Páid ar ais go stad an bhus: Bhí madra ann roimhe . . . scéal a chumadh.*

*“i. an bhfuil?”

3. *Líníocht ar an gclár dubh . . . Imlíne den bhus agus d'fhear na dticéad.*
”*Cuir caipín ar fhear na dticéad, a Mháire*”. (“Cuirfidh mé.”)
”*Tabhair mála dó, a Sheáin*”. (“Tabharfaidh mé.”)
”*Cén dath a chuirfidh tú air?*”, etc.
4. *Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.*
5. *Corpoideachas .i. ag gluaiseacht mar bhus—suas an cnoc go mall, timpeall an chúinne, etc.*

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

Curfá

Bíp, bíp, bíp, bíp,
Feicim bus ag teacht
Bíp, bíp, bíp, bíp,
Feicim bus ag teacht.

I

An maith leat bheith istigh sa bhus?
Síos, suas, thall nó abhus
Is maith liom bheith istigh sa bhus
Ag dul abhaile nó ar turas

Curfá